

An Clár Tithe Aoisbháúla Folláine

An ligean do
Theach duit
aosú in áit?



Cad é an Clár Tithe Aoisbháula Folláine?

Léiríonn taighde gur mian leis an gcuid is mó daoine fanacht ina dtithe féin agus iad ag dul in aois. D'ainneoin sin, is minic a thagann dúshlán ar an mian sin toisc nach bhfuil a dtithe oiriúnach, má éiríonn a gcuid riachtanais níos déine, a n-acmhainn airgeadais nó a gcuid soghluaisteachta níos lú. Leis an measúnú agus idirghabháil cheart, is féidir leis an timpeallacht chónaithe a bheith athraithe ó riosca sláinte i dtreo tacaíochta sláinte.

Príomhghné den chlár is ea ráta iontrála na ndaoine a théann isteach i gcúram cónaithe fadtéarmach a laghdú, toisc nach dtacaíonn a dtimpeallacht mhaireachtála go príomha lena riachtanais sláinte agus folláine. Is féidir le cóiríocht a thugann dúshlán do dhaoine scothaosta fanacht soghluaiste, fanacht te agus sábháilte a bheith ina fhachtóirí suntasacha i ndéanamh cinntí ar chúram fadtéarmach

Spríoc an Chláir Tithe Aoisbháula Folláine

I gcéim 1 tacaíonn an clár le daoine scothaosta maireachtáil ina dtithe féin le dínit agus le neamhspleáchas, chomh fada agus is féidir, ag seachaint aistriú go cúram cónaithe fadtéarmach roimh am. Is é uailmhian an chláir ná a chumasú do gach duine saol níos faide agus níos folláine a chaitheamh sa bhaile, mar chuid dá bpobal trína chinntiú go bhfuil siad i dtimpeallacht mhaireachtála oiriúnach le haghaidh inrochtaineachta, méid, sábháilteachta agus comhshaoil, lena n-áirítear teas

Tá an comhchlár nua seo, an Clár Tithe Aoisbháula Folláine, a rolladh amach ag an Roinn Sláinte, Sláintecare agus Aoisbhá Éireann (Comhairle Contae na Mí) thar 9 Limistéar Údarás Áitiúil.

4 Príomhaidhmeanna

1 Ceadú do dhaoine níos sine leanúint leo ina gcónaí ina dtithe nó áit níos oiriúnaí dá riachtanais (Méid ceart)

2 Maireachtáil ar bhealach neamhspleách agus féinrialaitheach, agus

3 A bheith mar chuid dá bpobail féin

4 Tacaíocht a thabhairt chun nach gá dul faoi chúram altranais go fadtréimhseach ró-luath sa saol.



Cad iad na buntáistí duit?

- ▶ Déanfaidh Comhordaitheoir Áitiúil um Thithe Aoisbháula Folláine measúnú riachtanas chun a fháil amach cad iad na tacaíochtaí a theastaíonn chun go mbeifeá in ann leanúint ar aghaidh ag maireachtáil go neamhspleách i do theach féin níos faide
- ▶ Forbrófar plean tacaíochta duinelárnach tar éis an mheasúnaithe
- ▶ Má bhraitheann tú nach bhfuil do theach oiriúnach a thuilleadh agus gur mhaith leat bogadh go teach níos oiriúnaí, is féidir leis an gComhordaitheoir Áitiúil um Thithe Aoisbháula Folláine faisnéis a sholáthar duit maidir le méid ceart laistigh de do phobal/chontae/chathair.
- ▶ Féadfaidh siad faisnéis a sholáthar maidir le do theach atá ann cheana a oiriúnú agus na deontais ábhartha atá ar fáil chun tacú leat na hathruithe sin a dhéanamh, le fócas ar dhearadh uilíoch agus ar éifeachtúlacht fuinnimh,
- ▶ Féadfaidh siad rochtain a sholáthar duit ar raon tacaíochtaí tithíochta, sláinte agus cúraim shóisialta chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh ar na rudaí a theastaíonn uait le go mbeidh tú in ann an saol atá uait a chaitheamh chomh fada agus is féidir leat i do phobal.

Sláintecare | An Roinn Sláinte

Is é Sláintecare ná clár 10 mbliana chun feabhas mór a chur ar ár seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta. Is treochlár é chun seirbhís chúram sláinte agus sóisialta den chéad scoth a thógáil do mhuintir na hÉireann. Is fíís le Sláintecare córas chúram sláinte agus sóisialta uilíoch ar shraith amháin a bhaint amach ina mbeidh rochtain chothrom ag gach duine ar na seirbhísí bunaithe ar riachtanas, ní cumas íocaíochta.

Aoisbhá Éireann | feidhm Sheirbhíse Roinnte an Rialtais Áitiúil

Baineann an Clár Aoisbháuil le cur chuige ilghníomhaireachta, ilranna d'fhoráil seirbhíse agus pleanáil aoise. Cabhraíonn an clár le cathracha agus contaetha a bheith níos ionchuimsithí do dhaoine níos sine, ag dul i ngleic lena mbuairtí sainráite agus ag cothú freagraí praiticiúla dírithe ar chaighdeán saoil gach saoránach a fheabhsú. Oibríonn Aoisbhá Éireann (AFI), feidhm sheirbhíse roinnte na n-údarás áitiúil, óstáilte ag Comhairle Contae na Mí, trí ghréasán náisiúnta Clár Aoisbháula i ngach údarás áitiúil.

Beidh ceannasaíocht choiteann ag an gclár nua seo thar 9 limistéar an Údaráis Áitiúil: Comhairle Contae Chorcaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae agus Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae is Cathrach Luimnigh, Comhairle Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae na hIarmhí.

Téigh i dteagmháil le do Chomhordaitheoir Áitiúil chun tuilleadh faisnéise a fháil nó chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais phearsanta a shocrú.

Is é Comhordaitheoir Áitiúil um Thithe Aoisbháúla Folláine i **gCorcaigh** ná:

Anthony Holmes

R anthony.holmes@meathcoco.ie

T 046 9032185

www.agefriendlyireland.ie



Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council



Comhairle Chontae na Galíleata
Galway County Council



Comhairle Contae Chiarraí
Cork County Council



WESTMEATH COUNTY COUNCIL
COMHAILLE CHONTAE DE WESTMEATH



Comhairle Contae
Deisceart Dubhaí
South Dublin County Council



Comhairle Cathrach
& Contae Luimnigh
Limerick City
& County Council



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

